

AR

ANNUAL REPORT 2013 / 2014

NCAD DUBLIN

National College of Art and Design
A Recognised College of University College Dublin

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha

National College of Art and Design

Coláiste Aitheanta de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

An tAcht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha , 1971 Alt 16(1):

" Tabharfaidh an Bord tuarascáil don Aire in aghaidh na bliana ar imeachtaí an Bhoird faoin Acht seo i gcaitheamh na bliana acadúla roimhe sin de chuid an Choláiste agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas."

An Bord – 2013-2014

Cathaoirleach an Bhoird	Seán O Laoire
Baill an Bhoird	Adrienne Eacrett Octavian Fitzherbert (ó Márta, 2014) Orla Flynn Peter Johnson Suzanne Macdougald Lucy McCaffrey Paul O'Brien Helen Steele Oliver Whelan (ó Mheán Fómhair 2013)
Oifigigh an Bhoird	An tOllamh Declan McGonagle Stiúrthóir agus Comhalta de bhrí oifige an Bhoird Damian Downes Cláraitheoir/Rúnaí

An Bord – Reatha (amhail Meitheamh 2017, ceaptha i Meitheamh 2015 nó ina dhiaidh)

Cathaoirleach an Bhoird	Niamh Brennan
Baill an Bhoird	Karen Furlong Ian Power Blaise Smith Mary Dorgan Oliver Whelan Rachel Tuffy Gráinne Murphy Ross Golden-Bannon
Oifigigh an Bhoird	Bernard Hanratty Stiúrthóir Gníomhach Damian Downes Cláraitheoir/Rúnaí

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

INNÉACS

LEATHANACH

An Bord

2

Tuarascáil an Chathaoirligh

4

Tuarascáil Acadúil

5

Tuarascáil Riaracháin

10

Gnóthachtálacha roghnaithe Mac Léinn/Céimithe

11

Staitisticí Mac Léinn

13

Faisnéis Airgeadais – cuntais iniúchta don bhliain dar críoch
30 Meán Fómhair 2014

14

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil an Chathaoirligh

Cuimsítear sa tuarascáil seo an tríú bliain ina raibh Seán O Laoire ina Chathaoirleach ar Bhord an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, ceapachán a rinne an tAire Oideachais agus Scileanna ar feadh téarma trí bliana go dtí an 1 Márta 2015.

Phléigh an Bord go ndéanfaí athbhreithniú ar roinnt de struchtúir an Choláiste i réimsí acadúla agus cuireadh sin i bhfeidhm. Tugadh faoi Phróiseas Athbhreithnithe Straitéisigh chomh maith, ag cur ráitis straitéiseacha a fuarthas ón bhfoireann san áireamh, le go bhforbrófaí Plean Straitéiseach nua tráth a cuireadh na céimeanna deiridh de na hathbhreithnithe den Earnáil Oideachais i gcrích in 2014.

Cuireadh dréacht de Chomhaontú Feidhmíochta Miseanbhunaithe faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas i Meán Fómhair 2013 inar sonraíodh táscairí feidhmíochta don tréimhse 2014-2016. Pléadh an dréacht leis an Údarás um Ard-Oideachas, aontaíodh air agus tugadh chun críche é i Feabhra, 2014.

Reáchtáladh an Chomhdháil Cumalais, tionól bliantúil na ndearthóirí gairmiúla agus oideoirí ó gach cearn den domhan, sa Choláiste i Mí na Samhna, 2013. Ba shuntasach an ócáid í seo don Choláiste tráth ar léiríodh breis is 70 páipéar, 10 gceardlann agus 200 toscaire, a bhformhór ón gcoigríoch. Bhí Céimí de chuid NCAD, Paul Adams, i measc na bpríomhchainteoirí, iar-Cheann Dearadh Branda ag Facebook agus atá anois leis an ngnólacht nuathionscanta for-rochtana custaiméirí, Intercom, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

Thug an Bord aitheantas le teann buíochais don tiomnacht shuntasach ó Edward Murphy, nach maireann, iar-leabharlannaí ag NCAD. Ba leabharlannaí é Edward ag NCAD ar feadh 36 bliain agus ba é a bhí taobh thiar de bhunú Leabharlann an Choláiste, atá anois ainmnithe ina dhiaidh in ómós dó. Chuaigh Edward Murphy ar scor in 2013, cailleadh é in 2014, agus bhronn sé tiomnacht shuntasach ar Leabharlann Náisiúnta na nAmharcealaíon atá mar chuid den Choláiste. Leis an tiomnacht seo chinntigh sé go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na nAmharcealaíon, atá mar chuid den Choláiste, ag freastal ar riachtanais taighde na mac léinn, na n-ealaíontóirí beo agus pobal ealaíne agus deartha na hÉireann go ceann i bhfad.

Chas an Coiste Iniúcháireachta agus an Bord le chéile agus phléigh siad an dréacht-tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 'Freagracht agus Rialachas sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha'. D'aithin an Bord gur raibh moill ag leibhéal an Choláiste cuntais a chur ar fáil don iniúchadh. Coinníodh an tAire, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tÚdarás um Ard-Oideachas araon ar an eolas faoi na ceisteanna uilig a ardaíodh maidir le cuntasáíocht, rialachas agus próisis comhlíonta agus cuireadh tús le bearta chun moltaí Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur i bhfeidhm.

Bernard Hanratty
Stiúrthóir Gníomhach, NCAD (2016)

Thar ceann
Seán Ó Laoire
Cathaoirleach Bhord NCAD

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil Acadúil

Comhghuaillíocht le UCD

Chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin gCiste Straitéiseach Forbartha Nuálaíochta do chleachtadh dícheallachta cuí i ndáil leis an gComhghuaillíocht le UCD a fhorbairt go dtí tráth a ndéantar an cumasc, agus an cumasc san áireamh. Cuireadh de chúram ar bheirt cheapaí ar iasacht ó UCD: an tOllamh Hugh Campbell agus Michael Sinnott straitéis a thiomsú agus tuarascáil a chur faoi bhráid Bhord NCAD agus Údarás Rialacháin UCD i Meán Fómhair, 2015, a léireodh go mion an méid a bhainfeadh le comhghuaillíocht, suas go dtí tráth a ndéantar an cumasc, agus an cumasc san áireamh, don dá institiúid araon.

Athbhreithniú ar roinnt Struchtúr de chuid an Choláiste

Chuir An Bord tús le sraith straitéiseach próiseas le cúpla bliain anuas, lena n-áirítear, athrú go dtí struchtúr céime 3+2(+3), cur chuige straitéiseach ó thaobh taighde agus forbartha, gaol feabhsaithe le UCD, ceangaltas d'fhorbairt cnuasaigh le piarainstitiúid agus úsáid na spásanna atá cóngarach don Choláiste mar atá molta don teagasc agus don fhoghlaím, don taighde agus don fhorbairt iarchéime.

Phléigh An Bord struchtúir bhainistíochta leasaithe lena n-áirítear, athainmniú na nDámh mar Scoileanna, chun cloí leis an soláthar acadúil reatha in earnáil na hOllscoile. Rinneadh cónascadh idir an Roinn Teicstíle (Ealaín agus Déantúsán) agus Ceirmeacht agus Earraí Gloine agus déantar iad a bhainistiú laistigh de Scoil na Mínealaíne. Anuas air seo bunaíodh an Roinn Faisin/Teicstíle (Dearadh Dromchla) agus Seodra agus Miotail (An Roinn Deartha don Cholaíne agus don Timpeallacht) laistigh de Scoil na Mínealaíne. Athainmníodh An Roinn Dealbhóireachta mar Dealbhóireacht agus Cleachtais Leathnaithe agus moladh go ndéanfaí machnamh ar chónascadh na Ranna Priontála agus Meáin. Iarradh ar an bhfoireann ar fad freagra measta a thabhairt ar na moltaí a rinneadh ag tabhairt na nithe seo a leanas san áireamh: saincheisteanna smachta/oideolaíochta/ag breathnú chun cinn; acmhainní reatha – airgeadas, spás, am agus soláthar foirne chomh maith leis na fachtóirí/riachtanais atá ar an gColáiste i bhfianaise an Phlean Náisiúnta Oideachais a chomhlíonadh.

HEA

2013 Idirphlé Straitéiseach agus Maoiniú Feidhmíochta: Cuireadh chun Dréacht de Chomhaontú Feidhmíochta Miseanbhunaithe agus Táscairí Rathúla atá Beartaithe a chur isteach don tréimhse 2014-2016:

Cuireadh dréacht de Chomhaontú Feidhmíochta Miseanbhunaithe ar aghaidh i Meán Fómhair, 2013, agus leagadh amach straitéis an Choláiste sa dréacht sin. Bunófar an comhaontú a bheidh idir an Coláiste agus an HEA ar an dréacht seo don chéad trí bliana eile.

Athbhreithniú ar an Múnla um Leithdháileadh Oibre:

Thionscain an HEA athbhreithniú ar Leithdháileadh an Ualaigh Oibre Acadúla trasna earnáil an oideachais ina hiomlán. Chas an Stiúrthóir leis an bhfoireann ar fad ina n-aonar, chun an bealach a gcomhlíontar ualaí oibre sa Choláiste a chinntiú agus chuir sé tuarascáil faoi bhráid an HEA i mí na Nollag, 2013.

HEA/Ciste Straitéiseach Forbartha:

Chuir an Coláiste iarratas suntasach isteach ar mhaoiniú faoi Shnáithe 1 den Chiste Straitéiseach Forbartha Nuálaíochta a raibh dlúthpháirtíocht aige le Scoil na hAiltireachta UCD agus Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid chomh maith le raon de chomhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla a raibh an Coláiste ag obair i gcomhpháirt leo cheana chun foghlaim agus taighde 'in situ' a chur chun cinn agus a bheidh dírithe ar chomhthéacs an Choláiste i mBaile Átha Cliath 8.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil Acadúil

Fóram Gnó agus Athfhoráis na Saoirsí

Is ball gníomhach é an NCAD d'Fhoram Gnó na Saoirsí a chuireann forbairt Bhaile Átha Cliath 8 chun cinn, ceantar Shráid Thomáis go háirithe.

Cur i bhFeidhm 3+2(+3)

Cuireadh tús leis na cláir nua 3+2(+3) ar an 23 Meán Fómhair, 2013 nuair a glacadh leis an gcéad chohórt mac léinn ar an gCéim nua 3 bliana.

Bailíochtú na Comhairle Múinteoireachta

Fuair an Coláiste freagra dearfach ón gComhairle Mhúinteoireachta maidir le bailíochtú an chúrsa Baitsiléir (Céim Onóracha Dhá Ábhar) sa Mhínealaín agus san Oideachas agus Baitsiléir (Céim Onóracha Dhá Ábhar) Deartha agus Oideachais chomh maith le Máistir Gairmiúil san Ealaín agus Oideachas, cúrsa dhá-bhliain a bunaíodh i gcomhthéacs thionscnamh na hInstitiúide Oideachais.

Origin8

Thug an tAire Stáit do Mhionghnóthaí, an tUasal John Perry T.D., cuairt ar *Origin8* ar an 22 Eanáir, 2014. Bhí an tAire Perry an-tógtha le rannpháirtíocht an Choláiste i gcúrsaí gnó agus nuálaíochta araon agus chuir sé an-suim ann. Is de bharr moladh dá chuid a thug an Coláiste cuireadh don Taoiseach, Enda Kenny T.D., an t-ionad nuálaíochta *Origin8* nua a sheoladh go hoifigiúil ag NCAD chun nasc níos láidre a chruthú idir tionscadail agus tionscal.

Tá roinnt mac-chuideachtaí campais ag *Origin8* atá ag obair chun a ngnólachtaí a bhunú. Tá 50 comhfhiontar le comhpháirtithe tionscail ar siúl cheana féin ag ionad *Origin8*, lena n-áirítear tionscadail leis an gcuideachta táirgeachta cúraim sláinte *Hollister* agus *PwC*.

Idirnáisiúnú

Tá an tIdirnáisiúnú luaite ag an HEA mar réimse straitéiseach atá tábhachtach d'institiúidí ardoideachais. Tá NCAD anois liostaithe in Oideachas Éireann agus tá roinnt ceisteanna faighte ó mhic léinn sa Bhrasaíl a bhfuil suim acu dul i mbun staidéir ag NCAD faoin HEA : Scéim Eolaíochta gan Teorainneacha/An Bhrasaíl. Táthar ag súil go nglacfar leis an gcéad ghrúpa mac léinn faoin scéim seo i Meán Fómhair 2014.

Tiomnachtaí Edward Murphy

Ag cruinniú dá chuid an 20 Meitheamh, 2014, ghlac an Bord buíochas as na tiomnachtaí suntasacha flaithiúla a fuarthas ó Edward Murphy agus óna bhean Patricia Casey, do Leabharlann Edward Murphy agus NIVAL. Tá an Coláiste, an fhoireann agus na scoláirí thar a bheith buíoch as an tabhartas suntasach seo ó thaobh acmhainní de a bronnadh ar an gColáiste.

Comhdháil Cumulus 2013

Reáchtáladh Comhdháil Cumulus 2013 – '*More for Less – Design in an Age of Austerity*' i mBaile Átha Cliath ón 7 go dtí an 9 Nollaig, 2013. Bhí breis is 70 páipéar agus 10 gceardlann mar chuid den chomhdháil ar ar fhreastail breis is 200 toscaire agus ba ón gcoigríoch a thaistil breis is 175 díobh. B'iad Paul Adams (Céimí de chuid NCAD) agus Werner Aisslinger na príomhchainteoirí. Bhí Comhdháil Cumulus ag teacht le *DESIGNweek.ie* ón 5 - 11 Samhain, seachtain a reáchtáladh chun tionchar dheardadh Bhaile Átha Cliath a mhíniú, a léiriú agus a cheiliúradh.

Oiliúint Tosaigh Múinteoirí

Leanadh le plé mionsonraithe ar mhúnla le haghaidh Institiúid Oideachais 'scaipthe' a fhorbairt d'fhonn forbairt agus soláthar Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (thar thréimhse dhá bhliain) ag NCAD, TCD, UCD agus MIE araon, mar fhreagra ar Athbhreithniú an HEA ar Oiliúint Múinteoirí in 2012.

Rochtain

Lá Rochtana:

Reáchtáladh Lá Rochtana an 27 Feabhra, 2014. Ghlac breis is 160 dalta meánscoile páirt ann, ag déanamh ionadaíochta thar ceann 16 scoil DEIS. Bhí mic léinn NCAD freagrach as ceardlanna stiúideo-bhunaithe a dhearadh agus a sheachadadh agus thug sé an deis dóibh taithí luachmhar a fháil ar eascú ceardlainne.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil Acadúil

Dearbhú Cáilíochta/Rathú Caighdeán

Athbhreithnithe QA:

Díríodh le linn 2013-14 ar athbhreithnithe inmheánacha ar sholáthar iarchéime trí Fhóram Máistreacht agus Fóram PhD.

Cuireadh an Fóram MA ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mháistir-fhoráil atá ann cheana féin in NCAD agus i bhfianaise bhunú an struchtúir céime 3+2 chun moltaí a thabhairt chun cinn maidir le réasúnú a dhéanamh ar sholáthar Máistreacht. Ghlac an Chomhairle Acadúil le moladh na tuarascála a d'éascair as sin le hArdán Máistreacht comhtháite a bhunú agus foilsíodh é ar láithreán gréasáin NCAD ag:

<http://www.ncad.ie/about/head-of-academic-affairs/quality/cycle-1-reports/>.

Cuireadh faoi chúram an Fhórait PhD athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh an chlár PhD atá ann faoi láthair agus moladh a dhéanamh conas a d'fhéadfaí staidéar dochtúireachta ag NCAD a neartú laistigh de na comhthéacsanna reatha agus an tiomantas chun nádúr iarchéime an Choláiste a fhorbairt. Ghlac an Chomhairle Acadúil le torthaí agus moltaí an Fhórait, agus foilsíodh iad ar láithreán gréasáin NCAD ag:

<http://www.ncad.ie/about/head-of-academic-affairs/quality/cycle-1-reports/>.

Cuireadh tús leis an MSc i nDearadh Feiste Leighis i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Cuireadh clár chreidmheasa CEAD, a bhí le tosú i mí Dheireadh Fómhair 2014, siar go ceann bliana bliana.

Suirbhéanna Aiseolais do Mhic Léinn:

Mhol an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go 2030, chomh maith le córais aiseolais áitiúla do mhic léinn, go gcuirfí córas náisiúnta suirbhé do mhic léinn i bhfeidhm agus go bhfoilseofaí na torthaí i dteannta le struchtúir a chinnteoidh go nglacfaí gníomhartha go pras mar fhreagra ar imní na mac léinn.

Bunaíodh Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn (ISSE) chun foinse luachmhar eolais a fhorbairt maidir le taithí mac léinn ar an ardoideachas trí staidéar earnála. Tá sé i gceist leis:

- Cur le luach d'institiúidí
- Chun bonn eolais a chur faoi chomhphlé agus beartas náisiúnta

In 2014 eisíodh an chéad suirbhé "iomlán" náisiúnta ina raibh 30 institiúid ardoideachais (lena n-áirítear NCAD) páirteach i dteannta tuarascáil náisiúnta a foilsíodh i bhFómhar 2014.

Bhí ráta freagartha ard de 32% ag NCAD i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 15.6%.

Cuireadh le haiseolas ISSE ó mhic léinn trí na suirbhéanna inmheánacha bliantúla atá seanbhunaithe faoin tráth seo:

- Suirbhé Scoir na Mac Léinn
- Suirbhé Dheireadh Bliana na Mac Léinn
- Suirbhé Taighde na Mac Léinn

Gníomhaíocht Gailearaí NCAD

Cuireadh deireadh le taispeántas NIVAL d'ábhar ó Chartlann Dorothy Walker ar an 7 Deireadh Fómhair le Pléphainéal: *Dorothy Walker: evaluating the legacy*.

Sular osclaíodh Duais Turner 2013, Doire, Cathair Chultúir na Breataine 2013, reáchtáil Tate seó bóthair speisialta *REACT* i mBaile Átha Cliath chun Duais Turner 2013 a chur os comhair lucht féachana nua agus chun díospóireacht agus spéis a spreagadh san ealaín chomhaimseartha. Ar an 7 Deireadh Fómhair, 2013, thug stiúideo taistil *REACT* cuairt ar an gColáiste le foireann speisialtóirí *REACT*. Bhí an Coláiste thar a bheith sásta gur reáchtáladh an ócáid ann, go mór mór agus baint aige le Duais Turner.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil Acadúil

In 1987 cuireadh Stiúrthóir NCAD, an tOllamh Declan McGonagle, ar an ngearrliosta don Duais agus bhí sé ar phainéal moltóirí chomh maith in 1993. Tá an Dr. Declan Long, léachtóir le NCAD agus Comhstiúrthóir an MA Ealaíon sa Domhan Comhaimseartha i measc na mball reatha den phainéal moltóirí.

Tionscadal Féin-Phortráid Chomhaimseartha (CSP): Dhírigh tionscadal CSP ar dhaoine aonair, ar phobail áitiúla agus ar réigiúin Eorpacha éagsúla le go gcuirfidís a gcuid féiniúlachtaí pearsanta, áitiúla agus Eorpacha in iúl agus bhí sé ar siúl ón 9 – 31 Eanáir 2014. Bhí meascán oibre sa taispeántas ón nGrúpa Ealaíne F2 ó Rialto agus daoine óga ón Tionscadal don Óige i Rialto, ó Mhic Léinn Meán Mínealaíne 3ú Bliana NCAD agus ó bheirt mhac léinn ón gclár MA san Ealaín Phobail.

Taipéis 1913: Sheol an tUasal Ruairí Quinn, T.D. An tAire Oideachais agus Scileanna, comhoibriú idir NCAD agus SIPTU i mí Feabhra 2014 ag Gailearaí NCAD. Is í Taipéis 2013 toradh comhthionscnaimh uailmhianaigh ealaíon faoi stiúir NCAD agus an ceardchumann, SIPTU. Go luath in 2012 choimisiúnaigh an dá eagraíocht na healaíontóirí Cathy Henderson agus Robert Ballagh chun an taipéis a dhearadh agus chun oibriú le grúpaí pobail chun 30 painéal a chruthú di. Ritheadh an taispeántas go dtí an 28 Feabhra 2014.



lomhá: *Torch Panel, 1913 Tapestry*. Grianghrafadóireacht: Derek Speirs

Séasúr na dTaispeántas 2014

Mhair Séasúr Taispeántas NCAD 2014 ó Bhealtaine go Iúil agus d'fhreastail go leor daoine ar na taispeántais, ag tosú le Taispeántas na Chéad Bhliana i mí na Bealtaine; an Seó Faisin Bliantúil a reáchtáladh in Eaglais Naomh Caitríona ar Shráid Thomáis; Taispeántas Dheireadh Bliana na gCéimithe i mí an Mheithimh, a d'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna an tUasal Ruairí Quinn T.D. go hoifigiúil, Gailearaí NCAD, a chuir

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014**

pictiúir ó chéimithe de chuid na MFA agus na Ranna Péinteála Mínealaíne BA 2013 ar taispeáint agus sa deireadh Taispeántas an Ionaid um Oideachas Leanúnach Ealaíne agus Deartha (CEAD) i mí Iúil 2014.

Duais Ceannaigh OÉ ag NCAD

Bronntar Duais Ceannaigh Ollscoil na hÉireann gach bliain ar phíosa oibre le céimí de chuid NCAD a tharraing clú air féin. Incháilítear mic léinn na bliana deiridh go huathoibríoch lena bhreathnú don duais. Ba í Lorraine Cross, Céimí Péintéireachta 4^ú Bliana, buaiteoir Dhuais Ceannaigh OÉ don bhliain 2014 .

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil Acadúil

Duais Foirne NCAD 2014

Bronnadh duais foirne bhliantúil NCAD ar bheirt mhac léinn, Avril Buttle, 4^ú Bliain Oideachas agus ar Loretta Moore, 4^ú Bliain Péinteáil Mínealaíne. Fuair an bheirt mhac léinn €1,500 an duine, airgead a thagann ó chiste atá maoinithe ag roinnt ball foirne a thugann síntiús óna bpá gach mí. Ag deireadh gach bliana acadúil dáiltear cistí le bronnadh ar mhac léinn a bhfuil an tríú bliain dá gcuid staidéir curtha i gcrích acu. Déanann Scoileanna agus Ranna moltaí óna rannóga féin agus tugtar cuireadh do mhac léinn cur i láthair a dhéanamh os comhair painéal atá roghnaithe ag na ranníocóirí.

Leabharlann – Leabharlann Náisiúnta na nAmharc-Ealaíon (NIVAL)

Bunaíodh Painéal Comhairleach do LNA i rith na bliana ag comhlíonadh iarratas ón gComhairle Ealaíon. Tabharfaidh an grúpa seo cabhair straitéiseach maidir le faisnéis agus úsáideoirí eile a tharraingt isteach chuig NIVAL agus i gcur chun cinn NIVAL sna toghcheantair chuí.

NIVAL: Ardú Airgid | Forbairt Straitéiseach:

Bhronn an Chomhairle Ealaíon maoiniú ioncaim de € 56,700 ar NIVAL faoin scéim Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta don bhliain 2014/2015. Léiríonn sé laghdú de 10% ar an mbliain seo caite agus laghdú carnach de 40% ón mbliain 2011. Dheimhnigh an Chomhairle Ealaíon an t-ardluach a chuireann sé ar obair NIVAL agus ar a thábhacht mar acmhainn phoiblí náisiúnta. I bhfianaise cúrsaí eacnamaíochta na linne seo, áfach, ní féidir leis an gComhairle comhpháirtíocht maoinithe a chinntiú a thuilleadh, ach leanfar ag tacú le NIVAL lena thionscnaimh mhaoinithe agus lena fhorbairtí straitéiseacha.

Fuair NIVAL deontas de €6,000 faoi Scéim na nDeontas Bainistíochta Oidhreacht de chuid na Comhairle Oidhreacht chun Leabhar Gearrthóg Ghailearaí Egan a chaomhnú. Rinne caomhnóirí páipéir an obair ag Leabharlann Marsh. Mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Oidhreacht thug an Dr. Eimear O' Connor léacht ag cur an tionscnaimh dar teideal '*Radical undercurrents: The Story of the Daniel Egan Gallery*' chun cinn.

Taiscí | Tiomnachaí | Síntiúis:

Taiscíodh cartlann taispeántais Ghailearaí Fenderesky in NIVAL agus rinneadh measúnú ar chartlanna Ionad Ealaíon an Chorráin agus táthar ag fanacht go gcuirfear i dtaisce iad. Is cúnamh suntasach é seo don chlúdach atá aginn i dTuisceart Éireann agus neartaíonn sé próifíl NIVAL mar acmhainn uile-Éireann.

Rinne eastát Patrick Scott, nach maireann, teagmháil linn chun aistriú a chuid páipéar go NIVAL a phlé go luath in 2015.

Chomh maith leis sin i mbliana, bhronn an Chomhairle Ealaíon, Gailearaí Kerlin, Gailearaí Kevin Kavanagh agus OPW roinnt boscaí catalóga & ephemera ar an gColáiste. Bhronn foinse phríobháideach síntiús fial de 500 leabhar ar mhínealaín agus ábhair dheartha ar Leabharlann an Choláiste agus bronnadh nach mór 100 leabhar ar chnótáil, fuáil agus fíodóireacht ó bhailiúcháin baile. Rinne an Oifig Rochtana athdháileadh ar ábhar dúblach nó ábhair atá as dáta chuig meánscoileanna agus seoladh roinnt leabhar ar chnótáil agus fuáil chuig Tionscadal Mhná Uganda a bhunaigh Tanya Kelly Baker, iar-mhac léinn teicstíle NCAD.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil Riaracháin

An Coiste Iniúchóireachta

Ag cruinniú dá chuid i Márta 2014, d'aontaigh an Bord go n-athainmnófaí An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí mar an Coiste Iniúchóireachta agus go mbeadh ar an gcoiste tuarascáil a chur faoi bhráid an Bhoird ar bhonn rialta ar na ceithre iniúchadh inmheánacha a dhéantar in aghaidh na bliana agus go n-aistreofaí freagracht iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ón gCoiste Forbartha agus Airgeadais go dtí an Coiste Iniúchóireachta nua.

Reáchtáladh dhá chruinniú i Mí Aibreáin, 2014, ag a aontaíodh garspriocanna saineúla faoina gcuirfí an obair i gcrích i ndiaidh na tuarascála a fuair an Coláiste ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugadh faoi deara go gcuirfeadh an obair seo an-bhrú ar Rannóg na gCuntas, atá an-bheag, agus nach mór acmhainní breise a chur ar fáil le freastal ar na héilimh sin. D'aontaigh An Bord gur choir tosaíocht a thabhairt don rialachas.

Ag cruinniú dá chuid i Mí Aibreáin, 2014, (i) d'fhaomh an Bord na Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, (ii) chinntigh siad acmhainní do Rannóg na gCuntas nach féidir a laghdú ar chúis ar bith (iii) d'aontaigh siad nach féidir le ball aonair ar bith a bheith ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Forbartha agus Airgeadais araon.

Chuir an Coiste Iniúchóireachta Tuarascáil Bhliantúil 2014 faoi bhráid an Bhoird ag cuimsiú na tréimhse ón 1/6/13 go dtí 30/5/14 ag cruinniú an Bhoird a reáchtáladh ar an 20 Meitheamh, 2014.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ag cruinniú dá chuid a reáchtáladh ar an 18ú Deireadh Fómhair, 2013, ghlac an Bord le 'Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú' go foirmeálta.

Soláthar

Ghlac an fhoireann páirt i gceardlann ar sholáthar faoi stiúir Comhairleoir Conarthaí agus Soláthair don Earnáil Phoiblí. Fostaíodh an comhairleoir mar chomhairleoir soláthair thar ceann an choláiste agus le cabhrú leis na cáipéisí cuí a réiteach, lámhleabhar/polasaí a cheannach, oiliúint foirne agus tairiscintí a lorg do raon seirbhísí.

Tuarascáil Bainistíochta Riosca

Ghlac an Bord leis an Tuarascáil Bainistíochta Riosca agus rinneadh nóta de ag cruinniú dá gcuid ar an 6 Nollaig, 2013.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Gnóthachtálacha roghnaithe Mac Léinn/Céimithe

Gradaim Deartha Mac Léinn RSA 2014

D'éirigh go hiontach le Mic Léinn de chuid an NCAD i gComórtas mór le rá, Comórtas Deartha na Ríochta Aontaithe. Tugann na gradaim, a reáchtáilann *Royal Society for the Encouragement of Arts, Manufactures and Commerce* (RSA) go bliaintúil, ardán do na tionscadail chruthaitheachta go hidirnáisiúnta chun na tallann is fearr atá ag teacht chun cinn a aimsiú.

Ghnóthaigh seisear mac léinn na gradaim seo a leanas: I Rannóg *'Tomorrow's Workplace'*, urraithe ag RBS, ghnóthaigh James Donnellan agus Kevin Glynn an buaicghradam do *'Best Design Project'* for *'The Hatchery'*, modheolaíocht a léirítear trí thimpeallacht oibre a thugann tuiscint níos fearr d'áit agus do neamhspleáchas d'oibrithe. Bronnadh duais ar fiú £3,500 orthu.

Tugadh ardmholadh do Stephen Quinn agus Pat D'Arcy sa rannóg chéanna. Dhírigh a dtionscnamh, *'Attend'*, ar tháirgiúlacht agus smaointeoireacht a mhéadú trí aird na n-oibrithe a fheabhsú.

I rannóg an *'Water, Water Everywhere'* is iad Paul Moran agus Jess Lockhart a ghnóthaigh Gradam an *Severn Trent Water* dá dtionscnamh, *'Water Sculptures in the Home'*, sraith dealbh a oibríonn i gcomhpháirt le méadair uisce tí le húinéirí tí a chur ar an eolas maidir lena n-úsáid uisce ar bhealach atá snasta agus simplí. Bronnadh duais ar fiú £1,000 orthu.

Gradam Sparántachta Deartha Newbridge Silverware NCAD

Is í Annmarie Reinhold, mac léinn 2^{ra} Bliain Dearadh Cearadaíochta a ghnóthaigh Gradam Sparántachta Deartha Newbridge Silverware NCAD don bhliain 2014. Seoladh an sparántacht naoi mbliana ó shin chun tacú le gairmeacha cruthaitheachta mhic léinn NCAD.

Buaiteoir Ghradaim Faisin Persil 2014

Is í Amie Egan, mac léinn Deartha Faisin, a ghnóthaigh Gradaim Faisin Persil na hÉireann, ar fiú €10,000 é, don bhliain 2014. Rinneadh feistis Máthar agus Linbh buachacha Amie agus díoladh iad i Siopaí Dunnes ar leith ar fud na tire.

Gradaim Fochéimithe 2013

Is é Brendan Fox, céimí Mheáin na Mínealaíne, a ghnóthaigh Catagóir na n-amharc-ealaíon ag Gradaim na bhFochéimithe 2013.

Gradam Faisin DIT 2014

Is í Patricia Carroll, 4^ú Bliain Faisin, a ghnóthaigh Gradam Faisin DIT don bhliain 2014 ar fiú €2,500 é.

Gradam Cruthaitheachta L'Oreal Professional 2014

Roinn Michael Power, céimí Faisin (2012), an chéad áit don bhailiúchán is fearr ag seó faisin le linn Seachtain Faisin Londain.

Gradaim Faisin na Breataine 2013

Is í Simone Rocha, Céimí Deartha Faisin, a ghnóthaigh an gradam *Emerging Talent Award for Womenswear* ag Gradaim Faisin na Breataine 2013.

Gradaim Taighde Ealaíne agus Deartha Iontaobhas Cuimhneacháin Thomas Dammann Junior 2014

Bronnadh Gradaim Taighde Ealaíne agus Deartha Iontaobhas Cuimhneacháin Thomas Dammann Junior don bhliain 2014 ar na mic léinn seo a leanas: Laura Healy, Francesca O'Brien, Kay Byrne agus céimithe Alan Costello agus Orla Fitzpatrick.

Gradaim Mac Léinn RDS 2013

Gradam Ealaíne RDS Taylor : Joe Scullion
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Tuarascáil Riaracháin - Gnóthachtálacha roghnaithe Mac Léinn/Céimithe

Comórtas Deartha Idirnáisiúnta 'Society of Dyers and Colourists – 2013'

Is í Rachel White, céimí Deartha Teicstíle, a ghnóthaigh Comórtas Deartha Idirnáisiúnta an *Society of Dyers and Colourists* don bhliain 2013. Roghnaíodh Rachel ó liosta iomaitheoirí idirnáisiúnta agus bronnadh an duais uirthi ag searmanas a reáchtáladh i Mumbai.

Gradam Golden Fleece

Is é David O'Kane, céimí Mínealaíne NCAD a ghnóthaigh an gradam mór le rá, Gradam *Golden Fleece*, don bhliain 2014.

Sparántacht Taistil Mary Cawley 2014

Is sparántacht taistil é seo a bhaineann le hOifig Rochtana an NCAD amháin agus a bhfuil luach €5,000 leis in aghaidh na bliana. Bronnadh gradaim ar: William Doherty, 4^ú Bliain Amharcsbileanna Cumarsáide, Eimear Murphy, 3^ú Bliain Péinteáil, Loretta Moore, 3^ú Bliain Péinteáil, Laura Dunne, 3^ú Bliain Amharcsbileanna Cumarsáide, Ciaran Kelly 2^{ra} Bliain Meáin agus Janice Harrington, 2^{ra} Bliain Teicstíle.

Tionscadal Tilestyle KTP

Roghnaíodh Jill Abbott, mac léinn Ceirmeachta ón 3ú Bliain, mar bhuaiteoir ar thionscadal Tilestyle DTP. Is í Emma Doyle, mac léinn Ceirmeachta ón 2^{ra} Bliain a ghnóthaigh duais ceannaigh Tilestyle.

Sparántacht Deartha Faisin River Island 2014

Ba í Alice Doherty, mac léinn Faisin ón 4ú Bliain, a ghnóthaigh Sparántacht River Island ar fiú €3,500 é chomh maith le tréimhse intéirneachta 3 mhí íoctha i stiúideo deartha *River Island* i Londain.

Gradaim ADFX – Dearadh Trófaí

Reáchtálann Institiúid na gCleachtóirí Fógraíochta in Éirinn Gradaim an ADFX, urraithe ag TV3, gach dara bliain. Bronnadh dhá phíosa gloine ar leith ar na buaiteoirí, deartha ag Andy Sharkey, mac léinn deartha gloine ón 3ú bliain in NCAD.

Louis Copeland Post Graduate Diploma Bespoke Fashion Tailoring Scholarship 2013

Ba é Fionn Ó Dubhghaill, Mac Léinn Deartha Faisin ón 3^ú Bliain a ghnóthaigh Scoláireacht 2013 *Louis Copeland Post Graduate Diploma Bespoke Fashion Tailoring* in 2013.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Staitisticí Mac Léinn

1. *Líon na Mac Léinn Fochéime Teastais & Dioplóma: (Páirtaimseartha)*

	2009/10	20010/11	2011/12	2012/13	2013/14
Male	No Course Held		54	43	33
Female	No Course Held		149	131	119
Total	No Course Held		203	174	152

2. *Líon na Mac Léinn Fochéime Lánaimseartha: (BA & BDes)*

	2009/10	20010/11	2011/12	2012/13	2013/14
Male	247	247	256	253	295
Female	506	514	522	531	621
Total	753	761	778	784	916

3. *Líon na Mac Léinn Iarchéime Lánaimseartha:*

	2009/10	20010/11	2011/12	2012/13	2013/14
Male	61	61	53	48	51
Female	118	131	144	141	121
Total	179	192	197	189	172

4. *Líon na Mac Léinn atá ag dul le hOideachas Leantach:*

	2009/2010	2010/2011	2011/2012	2012/2013	2013/2014
Totals	968 *	903 *	689 **	573 **	436**

*Cúrsaí Samhraidh, Fómhair agus Cásca san áireamh.

** Cúrsaí gearra neamhchreidmheasa

5. *Mic Léinn Lánaimseartha:*

	2009/10	20010/11	2011/12	2012/13	2013/14
Male	752	752	771	768	909
Female	167	177	170	146	135
Total	919	929	941	914	1044

6. *Mic Léinn Pháirtaimseartha:*

	2009/10	20010/11	2011/12	2012/13	2013/14
Male	1	9	7	16	7
Female	12	15	27	43	37
Total	13	24	34	59	44

Níl na figiúirí seo ag teacht leis na figiúirí i Nóta 2 de na Ráitis Airgeadais. Baineann na huimhreacha seo le mic léinn atá cláraithe (Erasmus san áireamh) ach baineann na huimhreacha atá i Nóta 2 de na Ráitis Airgeadais le mic léinn lánaimseartha a íocann táillí cóibhéiseacha.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013/2014

Ráitis Airgeadais

Tá ráitis airgeadais iniúchta mar chuid don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014 mar chuid den tuarascáil seo.

COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA

NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30
MEÁN FÓMHAIR 2014

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014**

Eolas faoin gColáiste

Seoladh	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 100 Sráid Thomáis Baile Átha Cliath 8
Iniúcháirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
Baincéirí	Banc na hÉireann 85 Sráid San Séamas Baile Átha Cliath 8
Aturnaetha	Aturnaetha St John 14, City Gate Sráid an Droichid Íochtarach Baile Átha Cliath 8

INNÉACS

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	4 - 5
Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	6 -9
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	10
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	14
Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán	15
An Clár Comhardaithe	16
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	17
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	18

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD


Ceanglaítear ar an mBord Faoi Alt 15(1) den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach.
- Cloí leis na caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtáítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a thugann léargas réasúnta cruinn ag tráth ar bith ar staid airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag comhlíonadh ceanglais reachtúla. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.


Niamh Brennan
Chairperson of An Bord
Date: 25 / July / 2017


Bernard Hanratty
Member of An Bord
Date: 25 / 07 / 2017

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National College of Art and Design

I have audited the financial statements of the National College of Art and Design for the year ended 30 September 2014 under the National College of Art and Design Act 1971. The financial statements comprise the statement of accounting policies, the income and expenditure account, the statement of total recognised gains and losses, the balance sheet, the cash flow statement and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 15 of the National College of Art and Design Act 1971, and in accordance with generally accepted accounting practice.

Responsibilities of the Board

The Board is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the College's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the College's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Basis for qualified opinion on the financial statements

There were significant weaknesses in the College's accounting system in respect of the year ending 30 September 2014, as explained in detail by the Board in the statement on the system of internal financial control. Those weaknesses resulted in delays in the production of the financial statements, substantial errors in the draft financial statements presented for audit, and significant challenges for the audit to obtain sufficient appropriate evidence. However, the audit was able, through substantial additional testing, to gain reasonable assurance in respect of all material figures in the financial statements.

Opinion on the financial statements, including a qualified opinion in relation to the keeping of adequate accounting records

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the College at 30 September 2014 and of its income and expenditure for the year then ended; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the College did not keep adequate accounting records for the year ended 30 September 2014. In particular, the accounting records maintained for the year of account were not sufficient to

- correctly record and explain the transactions of the College, or
- enable the financial position of the College to have been determined with reasonable accuracy at any time, or
- facilitate the preparation of financial statements in the required form, or
- enable the financial statements to be readily and properly audited.

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Report of the Comptroller and Auditor General (*ctd*)

Going concern

Without qualifying my opinion on the financial statements in this regard, I draw attention to Note 22 Going Concern. The College incurred an operating deficit of €758,000 for the year ended 30 September 2014. While the College had an accumulated deficit of over €1.4 million on 30 September 2014, the members of the Board are satisfied that the College remains a going concern.

Future pension arrangements

The defined benefit pension arrangements operated by the College consist of an unfunded superannuation scheme and the Single Public Service Pension Scheme (Single Scheme).

Without qualifying my opinion on the financial statements in this regard, I draw attention to Note 16 and to the recognition as at 30 September 2014 of an asset of €75 million in respect of deferred pension funding.

The recognition of the asset in respect of the Single Scheme reflects statutory provisions relating to the funding of that scheme. The recognition of an asset in respect of the other scheme anticipates that funding will be provided by the State to meet pension liabilities as they fall due. Inherent in this accounting treatment is an assumption that any income generated by the College will in the first instance be applied towards current expenses and that State funding will meet any shortfall in resources required to meet future pension liabilities.

Matters on which I report by exception


I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or

- the information in the College's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or
- the statement on the system of internal financial control does not reflect the College's compliance with the governance arrangements set out in the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

Governance issues

The statement on the system of internal financial control discloses a number of governance issues in respect of the year ended 30 September 2014, including failures in relation to the fixed asset register, procurement, documentation of procedures, recording of risks and the internal audit function. It also discloses that a review of the effectiveness of the system of internal control in respect of the year ended 30 September 2014, as required by the Code of Practice for the Governance of State Bodies, was not carried out until June 2015.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

31 July 2017

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air as a chinntiú go bhfuil córas leordhóthanach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Ó tharla nach mór do rialaithe a bheith in-chomhthomhaiste leis an leibhéal riosca, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil: sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Ceapadh An Bord i Meitheamh 2015. Fuair an Bord amach go raibh easnaimh shuntasacha ag baint le córas um rialú inmheánach airgeadais NCAD agus go nglacadh sé roinnt ama sin a chur ina cheart. Bhain na heasnaimh seo leis an tréimhse chuntasaíochta atá sna ráitis airgeadais seo. Mar go mbaineann an tréimhse chuntasaíochta sna ráitis airgeadais le tréimhse sular ceapadh an Bord ní féidir leis an mBord freagracht a ghlacadh maidir le neamhleordhóthanacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a bhí i bhfeidhm sa tréimhse sin.

Tá an Bord agus an bhainistíocht shinsearach dírithe ar dul i ngleic leis na laigeachtaí rialaithe seo. Tháinig an Bord agus an Coiste Iníúchta & Riosca le chéile 28 uair agus 16 uair faoi seach ó bunaíodh iad i mí Meithimh '15. Tá plean gníomhaíochta rialachais curtha i bhfeidhm. Bunaithe ar an gcéad mheasúnú a rinne an Bord ar na heasnaimh a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach laistigh den Choláiste socraíodh saineolas teicniúil seachtrach ar rialachas, airgeadas agus AD a lorg. An cuspóir ná iarraidh ar na hacmhainní seo creat rialachais, airgeadais, rialaithe inmheánaigh agus AD a leagan amach agus a chur i bhfeidhm chomh maith le beartais agus nósanna imeachta a thacódh leis an gcreat sin. Cé go bhfuil an próiseas seo ar bun, próiseas atá beagnach tugtha chun críche, ghlac cuid 1 (forbairt an chreata agus na mbeartais) i bhfad níos faide ná mar a bhí súil leis de bharr easpa acmhainní agus inniúlachtaí an choláiste chun cuidiú leis an bpróiseas agus é a bhrú chun cinn. Thug sin chun cinn fadhb eile a bhain le Cuid 2 - na beartais nua seo agus modh oibre a chur i bhfeidhm agus a leabú. Bunaithe ar an acmhainn agus na hinniúlachtaí atá ar fáil is dúshlán a bheidh ann creat rialachais a chur i bhfeidhm agus is de réir a chéile a fhéadfar sin a dhéanamh. Beidh Bord diongbháilte áfach ag tacú leis sin a dhéanamh.

Buneolas

Ar chúiseanna a mhínítear in áit eile, tá moill ar na ráitis airgeadais a chur i láthair. Tá athrú mór ar chúrsaí foirne laistigh den fheidhm airgeadais. Ní raibh teacht chomh réidh céanna ar fhaisnéis airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch 2013/14 is a bheadh dá mbeadh na ráitis airgeadais ullmhaithe in am trátha. I dtús na bliana 2015, tugadh an Fhoireann Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach NCAD os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) nuair a tugadh lochtanna bunúsacha faoi deara sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a bhain leis an mbliain dar críoch 2012. Mar thoradh air sin agus an t-am ar tharla sé cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm d'fhonn na lochtanna sin a chur ina gceart ach níor cuireadh i bhfeidhm ar fad iad. Tá an obair seo fós ar bun.

Athrú ar na cleachtais ullmhúcháin i ndáil le ráitis airgeadais 2013/14

Forléargas

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cáiliú ar ráitis airgeadais 2010/11, 2011/12 agus 2012/13 an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ar chúiseanna lena n-áirítear nár coinníodh leabhair cheart chuntais.

Ar an gcúis sin, tugadh faoi réamhscrúdú ar an bhfaisnéis ar fad a bhí ar fáil laistigh de phacáiste cuntasaíochta NCAD (Opera). Aithníodh, lena linn sin, go raibh bearnaí móra i bhfaisnéis a thug bunús don fhaisnéis agus go raibh sin níos measa fós mar thoradh ar athrú foirne a raibh easpa stair airgeadais corparáidigh mar thoradh air.

Dá réir sin, socraíodh nach bhféadfaí brath ar an bpacáiste cuntas amháin chun eolas a chur ar fáil faoi na ráitis airgeadais mar go mbeadh amhras faoi iontaofacht aon aschuir de bharr taifid a bheith neamhiomlán. Rinneadh na ráitis airgeadais a ghiniúint trí na chéad phrionsabail a chur i bhfeidhm agus ag baint úsáide as idirbheartaíochtaí ó ráitis bainc 2013/14 Bhanc na hÉireann an Choláiste. Mar thaca leis sin bhí fíorú ó 3ú páirtithe iontaofa eile mar litreacha deontais ón Údarás um Ard-Oideachas (HEA), litreacha tairisceana ó eagraíochtaí a dhéanann maoiniú ar thionscadail taighde agus comhfhreagras ó Bhanc na hÉireann.

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN

Nochtadh Sonrach maidir le Rialuithe Inmheánach agus Taifid Chuntasaíochta

Tuigeann NCAD gur aithníodh laigeachtaí rialaithe i mí Lúnasa 2014 le linn phróiseas iniúchta 2011/12 agus gur measadh gur cúis imní ar leith na réimsí seo a leanas: Sócmhainní Seasta; Coiste Iniúchta; Ceannach agus Soláthar; Nósanna Imeachta a bhfuil bunús leo; Clár Riosca; cleachtais áirithe coinneála leabhar; rialuithe AD agus párolla; agus taifead a choinneáil ar tháillí mac léinn. Ní fhéadfaí dul i ngleic leo seo go leordhóthanach chun feabhsuithe a dhéanamh i mbliain chuntasaíochta 2013/14. Tá nochtadh sonrach i ndáil le 2013/14 liostaithe thíos.

Nochtadh i ndáil le laigeachtaí leanúnacha sa chóras cuntasaíochta mar a aithnítear i dtuarascáil speisialta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Uimhir 85 ar NCAD, Lúnasa 2014

Sócmhainní Seasta

Ní raibh aon bheartas scríofa ann maidir le sócmhainní seasta roimh 2014 agus dá bhrí sin bhí neamhréireachtaí móra sa chuntasaíocht a bhain le sócmhainní seasta.

Le linn ráiteas airgeadais 2012/13 a ullmhú ullmhaíodh clár sócmhainní seasta i ndáil le sócmhainní airnéise an Choláiste, a cheanglaíonn siar ar ais go hiomlán leis na Ráitis Airgeadais. Tá laigeachtaí fós ag baint leis sin ó tharla nach bhfuil na sócmhainní tagáilte agus nach bhfuil an áit a bhfuil siad lonnaithe taifeadta ar an gclár. Tá dul chun cinn déanta chun na laigeachtaí sin a chur ina gceart agus rachfar i ngleic go hiomlán leo faoin 30 Meitheamh 2018.

Níl clár sócmhainní seasta talún agus foirgneamh an Choláiste iomlán. Rinneadh athluacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh amach i ndeireadh 2016 agus tacóidh an athluacháil sin leis an gclár agus ina dhiaidh sin leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 2015/16.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach a chinntiú go bhfuil an Coláiste ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2009 nó 2016 mar is infheidhme). Níl an Coláiste dá chomhlíonadh seo ina iomláine, áfach. Thug an Coláiste faoi mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht mar a bhaineann leis an gCód ina iomláine. Tá an Coláiste ag dul i ngleic leo seo ar bhonn rátála riosca.

Coiste Iniúchta agus Iniúchadh Inmheánach

Tháinig an coiste iniúchta le chéile cúig uaire le linn thréimhse airgeadais 2013/14.

Tugadh faoi aon iniúchadh inmheánach amháin in 2013/14.

I ndiaidh tairiscint phoiblí, i mí Eanáir 2015 ceapadh RSM McClure Watters (RSM) mar iniúcháirí inmheánacha an Choláiste go ceann téarma 3 bliana. Tá siad ag obair go dlúth le Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird lena chinntiú go bhfuil clár oibre iniúchta inmheánaigh agus éifeachtach á chur i bhfeidhm laistigh den Choláiste. Thug an RSM faoi athbhreithniú ar Chóras um Rialuithe Inmheánaigh Airgeadais an Choláiste ag deireadh na bliana 2013/14 inar díriodh ar Bhainistíocht Airgid Thirim agus Bainc ag an gColáiste, ar Rialuithe Párolla agus ar éilimh Taistil agus Chothabhála. Ba é toradh an athbhreithnithe sin : - "is é ár dtuairim go bhfuil Deimhniú Teoranta ann gur féidir brath ar na córais laistigh de NCAD chun tacú le cuspóirí foriomlána a bhaint amach."

Soláthar

Tuigeann an bhainistíocht nár cloíodh go comhleanúnach le Treoirínte Soláthair le linn Bhliain Airgeadais 2013/14. Mar thoradh ar shaincheisteanna rialuithe agus nár coinníodh taifid leordhóthanacha ní féidir an leibhéal comhlíontachta leis na Treoirínte Náisiúnta um Sholáthar i ndáil leis an tréimhse atá i gceist a chinneadh. Mar fhreagra air sin, ceapadh saineolaí soláthair i Márta 2014 agus leanann an té sin ag cur tacaíocht saineolais ar fáil nuair a theastaíonn sin. Chomh maith leis sin cuireadh próiseas cuimsitheach oideachais i bhfeidhm sa Choláiste.

Tuigeann an Bhainistíocht freisin gur caitheadh lear mór, nach bhfuil glacadh leis, ar earraí agus ar sheirbhísí lasmuigh den chóras orduithe ceannaigh le linn na tréimhse cuntasaíochta agus tá sin chur ina cheart anois.

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN

Easpa Nósanna Imeachta Foirmeálta

Aithníonn an Bhainistíocht nach raibh aon nósanna imeachta scríofa ann roimh 2014 i ndáil le nochtadh faoi rún, coimhlint leasa, idirbhearta le tríú páirtí gaolmhara, soláthar, calaois, cártaí creidmheasa, taisteal agus cothabháil, teicneolaíocht na faisnéise, baincéireacht nó iontrálaithe i leabhair chuntais a phróiseáil.

Rinneadh beartais scríofa a dhréachtadh do gach réimse díobh sin in 2015 agus 2016 agus táthar i mbun iad a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm.

Easpa Clár Riosca

Aithníonn an Bhainistíocht nach raibh aon Chlár Riosca i bhfeidhm in NCAD le linn na bliana airgeadais 2013/14. Tá a phlean straitéiseach tugtha chun críche ag an gColáiste le déanaí agus cuirfear an clár riosca le chéile i gcomhthéacs na cáipéise sin.

Saincheisteanna a bhaineann leis na Cleachtais Chuntasaíochta chomh maith leis na Córais Bainistíochta Faisnéise

(a) Ioncam a Phostáil sa Chuntas Speansas

Le linn 2013/14 breacadh líon suntasach fáiltas chuig na cóid speansas i gcóras airgeadais NCAD agus mar thoradh air sin rinneadh ganniontráil ar chaiteachas agus ar ioncam.

Tá deireadh curtha ó Dheireadh Fómhair 2014 le cleachtais áirithe eile ina measc ioncam agus caiteachais a bhreacadh chuig an gclár comhardaithe (a raibh ganniontráil arís ar ioncam agus ar chaiteachas sa chóras airgeadais mar thoradh air).

(b) Drochleagan amach ar an gCóras Airgeadais

D'aithin NCAD roinnt laigeachtaí sa leagan amach atá ar chóras airgeadais NCAD ina measc cairt cuntasaíochta nach raibh oiriúnach do riachtanais na heagraíochta chomh maith le feidhm lag tuairiscíochta. Breacadh de láimh sa chóras airgeadais costais ón gcóras párolla.

Tugadh isteach cairt nua cuntasaíochta sa Choláiste ó mhí Mheán Fómhair 2014. Ó mhí Bealtaine 2015 déanann an córas párolla nuashonrú go huathoibríoch ar an bpacáiste cuntasaíochta. Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar phróisis agus ar nósanna imeachta agus cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm in 2015/16.

(c) Gan an Úsáid is Fearr á bhaint as Córais Bainistíochta Faisnéise

Maidir le mic léinn Oideachas Leanúnach sa Choláiste Ealaíne is Deartha (CEAD), níorbh fhéidir liosta cuimsitheach taifead a fháil ar an méid táillí a íocadh in aghaidh gach mac léinn.

Bhí laigeachtaí suntasacha rialaithe i gceist le feidhm tuairiscíochta an chórais párolla.

Mar thoradh freisin ar neamhréireacht idir córas taifead na mac léinn agus an córas cuntasaíochta b'éigean don fhoireann laistigh den Choláiste tabhairt faoi roinnt mhaith obair bhreise chun deimhniú a chur ar fail don fhoireann sheachtrach iniúchta go bhfuarthas táillí ó mhic léinn agus go raibh sin taifeadta i gceart laistigh den Choláiste.

Mar thoradh ar na fadhbanna thuas leis na cleachtais leabharchoimeád agus leagan amach an chórais bhí moill ar na ráitis airgeadais a chur ar fáil.

(d) Laigeachtaí i ndáil le cuntasaíocht ioncam agus Caiteachas Taighde

Rinneadh ioncam agus caiteachas taighde a chódú faoi na cóid ioncaim agus caiteachais chéanna le gach ioncam agus caiteachas eile. Dá bhrí sin bhí sé deacair na Ráitis Airgeadais a ullmhú le go dtabharfadh siad léargas cruinn ar idirbhearta a bhain le taighde ó tharla go mb'éigean an caiteachas taighde a bhaint amach as caiteachas oibríochta laistigh den Choláiste. Tugadh faoi chleachtadh chun an t-ioncam agus caiteachas taighde a bhain le tionscadail shonracha a bhaint amach nuair a bhíothas ag ullmhú ráitis airgeadais 2013/14. Tá roinnt neamhchinnteachtaí fós ann áfach. Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil an Coláiste ag obair i dtreo dul i ngleic leis an bhfadhb seo a bhí ann riamh agus go bhfuil a gcóid ioncaim agus caiteachais féin anois tugtha do thionscadail taighde ar leith laistigh den phacáiste cuntasaíochta.

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS - AR LEAN

(e) Laigeachtaí maidir le Párolla / AD

Ní raibh aon bheartais ná nósanna imeachta a raibh bunús maith leo ann maidir le párolla agus caiteachas. Cé gur tionóladh cruinnithe míosúla in 2011/12 agus 2012/13 idir an Rannóg Airgeadais, AD agus Párolla chun coigeartuithe a raibh gá leo ón mhí roimhe a cheadú ní raibh an rian páipéir a thacódh leis na coigeartuithe sin cuimsitheach. Ó dheireadh 2014, déantar leasuithe ar phárolla ón oifig AD a chlárú agus tá rian iniúchta i bhfeidhm.

(f) Ioncam ó Tháillí Mac Léinn a Aithint


Mar chuid den obair chuimsitheach ar tugadh faoi chun ráitis airgeadais iontaofa a chur ar fáil aithníodh laigeachtaí i ndáil le táillí mac léinn. Is é beartas cuntasáíochta an Choláiste táillí mac léinn sa bhliain acadúil lena mbaineann siad a aithint. Chuige sin ní mór féichiúnaí táillí mac léinn a aithint ag deireadh na bliana d'fhonn méideanna gan íoc ó mhic léinn a aithint.

Tugadh faoi shúil siar in 2014 chun dul i ngleic le hiarmhéideanna suntasacha stairiúla a tugadh ar aghaidh sa chóras táillí mac léinn. Ligeann sin an staid deiridh bliana a chinneadh agus a thuairisciú ó 2014 ar aghaidh.

Athbhreithniú Bliantúil ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais

Tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais i mí Meithimh 2015 don bhliain dar críoch 2013/14. Tá na teipeanna a dtángthas orthu le linn an athbhreithnithe seo ag teacht leis na laigeachtaí a thugtar chun solais thuas.

Arna síniú thar ceann an Bhoird:



Bernard Hanratty
Acting Director
Date: 25 / 07 / 2017

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:-

(a) An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus de réir Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh.

(b) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta ag costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh ar bhonn na líne díri d'fhonn costas na Sócmhainní Seasta a dhíscríobh thar a saolré úsáide measta. Déantar an Cuntas Caipitil a amúchadh ag teacht le dímheas.

Déantar Sócmhainní a dhímheas ar bhonn na líne díri ag úsáid na rátaí seo a leanas:

Catagóir Sócmhainne	Ráta Dímheasa	
Talamh	0%	(glactar leis go mbeidh talamh ann go brách)
Foirgnimh	2%	(ré 50 bliain)
Fearas agus Trealamh	10%	(ré 10 mbliana)
Troscán, Daingneáin agus Feistis	20%	(ré 5 bhliana)
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%	(ré 3 bliana)

(c) Ioncam a Aithint

Deontais Stáit

Déanann an HEA Deontais Stáit a leithroinnt ar bhonn féilire i ndáil le caiteachas athfhillteach. Is ionann an deontas a thuairiscítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an tsuim a chinntear a bheith oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha, bunaithe ar roinnt 75% / 25 de dheonta bliana féilire.

Ioncam ó Tháillí Acadúla

Aithnítear Ioncam ó Tháillí Acadúla (lena n-áirítear ó Oideachas Leanúnach sa Choláiste Ealaíne is Deartha) sa bhliain acadúil lena mbaineann sé.

Deontais Taighde & Conarthaí Eile

Meitseáiltear Ioncaim ó Dheontais Taighde agus Conarthaí Eile le caiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas bainteach.

Ioncam ó Ús

Déantar gach ioncaim ó thaiscí gearrthéarmacha a chur chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ar saothraíodh é.

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

(d) Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus luach neamhamúchta an Ioncaim Chaipitil agus Reatha a úsáidtear chun críocha Caipitil.

(e) Sócmhainní ar Léas

Déantar cíós faoi léasanna oibríochta a ghearradh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ar tabhaíodh an caiteachas.

(f) Scéimeanna Pinsin

Tá scéim pinsin sochair shainithe i bhfeidhm sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a mhaoineítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil ina leith lena n-áirítear airgead a chuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as tuarastal na foirne.

Léiríú iad na costais phinsin ar na sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe sa tréimhse atá i gceist agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí foirne a choinníonn an Coláiste. Aithnítear suim a thagann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus go ndéantar é a fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanas scéime sa Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn Dliteanais Pinsean luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh inaisghabhála i dtréimhsí amach anseo ón Údarás um Ard-Oideachas.

Tá Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) i bhfeidhm freisin sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ar scéim pinsin sochair shainithe atá i gceist do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(g) Cánachas

Tá NCAD díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach faoin Ordú um Stádas Carthanachta. Uimhir Chlárúcháin Carthanachta NCAD: FRS 07503

(h) Erasmus

Áirítear cistí Erasmus san ioncam don bhliain ina dtabhaítear an caiteachas bainteach.

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

(i) Sócmhainní Oidhreachta

Ní chuir NCAD FRS30 (Sócmhainní Oidhreachta) i bhfeidhm i Ráitis Airgeadais 2013/14. Tá NCAD i mbun athbhreithnithe ar cheanglais FRS30 le súil is go mbeifear á chomhlíonadh amach anseo.

(j) NIVAL

Tá bailiúchán (ar a dtugtar *National Irish Visual Arts Library*) i seilbh an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha de leabhair, lámhscríbhinní agus saothair ealaíne a fuarthas trí dheonúcháin agus tabhartais den chuid is mó. Níor caitheadh leis na nithe seo fós sna ráitis airgeadais mar shócmhainní seasta mar go measann an Coláiste dá ndéanfaí sócmhainní den chineál sin a áireamh sna ráitis airgeadais nach mbeadh an t-eolas airgeadais a thabharfaí ábhartha agus iontaofa.

(k) Stoic

Déantar caiteachas ar leabhair agus ar stoic intomhalta a chur i leith an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear sin.

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
Ioncam			
Deontais Stáit	1	6,399	7,258
Táillí Acadúla	2	6,729	5,867
Ioncam Eile	3	196	176
Deontais Taighde agus Conarthaí Eile	10	806	635
Ús Bainc		7	32
Amúchadh ar Chistí Caipitil	15	665	728
Glan-mhaoiniú larchurtha do Phinsean	16c	2,610	2,643
Ioncam Iomlán		17,412	17,339
Caiteachas			
Ranna Acadúla	4	7,418	7,308
Seirbhísí Acadúla agus Lárnacha eile	5	749	592
Áitribh	6	2,141	1,759
Riarachán Láir	7	2,052	1,821
Caiteachas Ginearálta Oideachais	8	32	7
Áiseanna agus fóntais mac léinn	9	341	342
Deontais Taighde agus Conarthaí Eile	10	584	351
Dímheas	12	665	728
Pinsin	16a	4,188	4,389
Caiteachas Iomlán		18,170	17,297
Barrachas / (Easnamh)		(758)	42
Iarmhéid ag tús na bliana		(660)	(702)
Iarmhéid amhail Deireadh na Bliana		(1,418)	(660)

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile ann seachas na cinn sin a bpléitear leo sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta Iomlána.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1-24.


Niamh Brennan
Chairperson of An Bord
Date: 25 / July / 2017


Bernard Hanratty
Member of An Bord
Date: 25 / 07 / 2017

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		(758)	42
Ghnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanas Pinsean	(16b)	(6,603)	6,451
Coigeartú chuig Maoiniú Pinsean larchurtha	16d	6,603	(6,451)
Ghnóthachan / (Caillteanas) Aitheanta Iomlán i leith na bliana		(758)	42

Níl aon ghnóthachain ná caillteanas aitheanta eile ann seachas na cinn sin a bpléitear leo sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanas Aitheanta Iomlána.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1-24.


 Niamh Brennan
 Chairperson of An Bord
 Date: 25 / July / 2017


 Bernard Hanratty
 Member of An Bord
 Date: 25 / 07 / 2017

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

CLÁR COMHARDAITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 Meán Fómhair 2014

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	12	13,499	14,075
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	13	540	1,031
Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim		2,582	2,320
		<u>3,122</u>	<u>3,351</u>
DLITEANAIS REATHA			
Deontais Stáit a Fuarthas Roimh Ré		1,343	1,076
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhráithe	14	3,197	2,935
		<u>4,540</u>	<u>4,011</u>
GLANSÓCMHAINNÍ / (DLITEANAIS) REATHA		<u>(1,418)</u>	<u>(660)</u>
IOMLÁN SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA		<u>12,081</u>	<u>13,415</u>
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	16d	74,902	65,689
Dliteanais Pinsin	(16b)	(74,902)	(65,689)
Glan-Sócmhainní		<u>12,081</u>	<u>13,415</u>
Arna mhaoiniú ag:			
Cuntas Caipitil	15	13,499	14,075
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(1,418)	(660)
		<u>12,081</u>	<u>13,415</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1-24.


Niamh Brennan
Chairperson of An Bord
Date: 25 / July / 2017


Bernard Hanratty
Member of An Bord
Date: 25 / 07 / 2017

RÁITEAS FAOI SHREABHAIDH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

Réiteach Ghlan-Ghluaiseacht don Bhliain	Nótaí	2014 €000	2013 €000
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		(758)	42
Ús Bainc		(7)	(32)
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe		491	(701)
Méadú / (Laghdú) ar Dhliteanais Reatha		529	(64)
Glan-Insreabhadh (Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta		255	(755)
Aischiú ar Infheistíocht agus Seirbhísí Airgeadais			
Ús Faighte		7	32
Glan-Insreabhadh Airgid ar Infheistíocht agus Seirbhísí Airgeadais		7	32
Caiteachas Caipitil agus Infheistíochtaí Airgeadais			
Sócmhainní Seasta a Ceannaíodh	12,15	(89)	(68)
Fáltais ó Shócmhainní Seasta a dhíol		-	3
Glan Eis-Sreabhadh Airgid ar Chaiteachas Caipitil agus Infheistíochtaí Airgeadais		(89)	(65)
Glan-Eis-Sreabhadh Airgid roimh Acmhainní Leachtacha a Bhainistiú		173	(788)
Maoiniú		89	65
Ardú/ (Laghdú) ar Airgead Tirim		262	(723)
Réiteach ar an nGlan-sreabhadh Airgid chuig Gluaiseacht i nGlanchistí			
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim sa Bhliain		262	(723)
Glanchistí amhail an 1 Deireadh Fómhair 2013	19	2,320	3,043
Glanchistí amhail an 30 Meán Fómhair 2014		2,582	2,320

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasáíochta agus na Nótaí 1-24.


Niamh Brennan
Chairperson of An Bord
Date: 25 / July / 2017


Bernard Hanratty
Member of An Bord
Date: 25 / 07 / 2017

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

1. DEONTAIS STÁIT

	2014 Leithroinnt do Chaiteachas Athfhillteach €000	2014 Leithroinnt do Chaiteachas Caipitil €000	2014 Leithroinnt lomlán do Chaiteachas €000	2013 Leithroinnt lomlán do Chaiteachas €000
An tÚdarás Ardoideachais				
Deontais Athfhillteach	5,833	89	5922	6,690
Teicneolaíocht an Eolais	50		50	62
Deontais Míchumais & Cúnaimh	69		69	71
Airgeadais				
Dearbhú Cáilíochta	-		-	21
Tiontú Scileanna	57		57	62
Rochtain Níos Fear agus Dul Chun Cinn	144		144	115
Oiliúint ar na hOiliúnóirí	-		-	31
Gaeilge	3		3	10
Deontais Stáit Eile				
An Chomhairle Ealaíon	65		65	59
Stór Digiteach Éireann	21		21	11
Cúnamh do Mhic Léinn	33		33	47
Deontais eile	124		124	144
lomlán 2014	6,399	89	6,488	7,323
lomlán 2013	7,258	65	7,323	

2. TÁILLÍ ACADÚLA

	2014 €000	2013 €000
Táillí Teagaisc Lánaimseartha – 1,040 mac léinn (2013 – 928 mac léinn)	4,278	3,851
Ranníoc Mac Léinn (Táille Clárúcháin FT roimhe seo) – 834 mac léinn (2013 – 738 mac léinn)	2,084	1,618
Táillí Teagaisc Páirtaimseartha – 38 mac léinn (2013 – 38 mac léinn)	85	96
Táillí Oideachas Leanúnach in Ealaíon & Dearadh – 825 mac léinn (2013 – 825 mac léinn)	282	302
	6,729	5,867

3. IONCAM EILE

	2014 €000	2013 €000
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	14	7
Urraíocht	22	37
Ioncam ó Imeachtaí	60	14
Muirir Mac Léinn	17	15
Ioncam Eile*	77	95
Ioncam ó Fhótachóipeáil	6	8
	196	176

*Ioncam a fhaightear ach nach bhfuil leordhóthanach lena áireamh mar mhír ar líne dó féin. De bharr neamhchinnteacht a bheith ag baint le roinnt de na taifid a coinníodh i NCAD, rinneadh ioncam a rangófaí de ghnáth mar Urraíocht nó ioncam ó Imeachtaí a rangú mar ioncam eile ó tharla nach rabhthas cinnte maidir lena bhunús.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 – AR LEAN

4. RANNA ACADÚLA	2014 €000	2013 €000
An Fhoireann Acadúil	5,496	5,495
An Fhoireann Theicniúil agus Mainicíní	1,023	1,010
Foireann Riaracháin Dáimhe	358	338
Costais Neamh-phá	541	465
	<u>7,418</u>	<u>7,308</u>

5. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS LÁRNACHA EILE	2014 €000	2013 €000
Foireann na Leabharlainne	477	453
Leabhair, Catalóga agus Tréimhseacháin	244	116
Muirir Léasála	28	23
	<u>749</u>	<u>592</u>

6. ÁITRIBH	2014 €000	2013 €000
Freastalaithe agus Lucht Glanta	496	479
An Fhoireann Cothabhála	149	168
Solas, Teas agus Cumhacht	302	344
Ábhair Chothabhála	467	95
Costais Glantacháin	302	251
Costais Slándála	155	156
Cíos agus Rátaí	220	183
Teileafón	50	83
	<u>2141</u>	<u>1,759</u>

7. RIARACHÁN LÁIR	2014 €000	2013 €000
An Fhoireann Riaracháin	1,079	1,020
An Fhoireann Dearbhaithe Cáilíochta	43	62
Stáiseanóireacht agus Soláthairtí	85	68
Caiteachas TE	38	-
Postas	30	22
Táillí Gairmiúla	187	217
Luach Saothair an Iniúcháir	58	31
Taisteal agus Cothabháil	30	9
Fógraíocht	22	17
Árachas	95	92
Costais Fhótachóipeála	30	10
Costais Shábháilteachta	38	38
Gailearaí	35	15
Taispeántais, Seimineáir agus Lónadóireacht	95	66
Caiteachas Siamsaíochta	29	-
Díscríobh ar Dhrochfhiacha	65	-
Míreanna Ilghnéitheacha	93	154
	<u>2,052</u>	<u>1,821</u>

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 – AR LEAN

8. CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS

	2014	2013
	€000	€000
Táillí agus Costais Scrúdaitheoirí	9	(2)
Forbairt Foirne	23	9
	<u>32</u>	<u>7</u>

9. ÁISEANNA AGUS FÓNTAIS MAC LÉINN

	2014	2013
	€000	€000
Táillí Scrúduithe agus Clárúcháin	32	101
Fóirdheontas Aontas na Mac Léinn	54	70
Scéim Cúnamh do Mhic Léinn	51	94
Seirbhísí Comhairleoireachta agus Sláinte	157	65
Fóirdheontas Ábhar	-	(15)
Taisteal Mac Léinn	-	(1)
Áiseanna Spóirt agus Fóillíochta	47	28
	<u>341</u>	<u>342</u>

10. DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ EILE

	2014	2013
	€000	€000
Ioncam		
Deontais Taighde agus Conarthaí Eile	806	635
Caiteachas		
Costais Foirne	175	145
Costais Oibríochta Eile*	409	206
	<u>584</u>	<u>351</u>
Glan-Toradh	<u>222</u>	<u>284</u>

*Le linn phróiseas ullmhúcháin ráiteas airgeadais na bliana roimhe, tugadh ar aird go raibh loncam agus Caiteachas Taighde códaithe faoi na cóid ioncaim agus caiteachais chéanna le gach loncam agus Caiteachas eile. Tharla na rud céanna in 2013/2014. B'éigean caiteachas taighde a bhaint as caiteachas oibríochta laistigh den Choláiste. Mar gheall ar an fadhbanna a bhain le leabhair agus taifid an Choláiste sa tréimhse sin, d'fhéadfadh go bhfuil gné de chaiteachas taighde áirithe i míreanna líne caiteachais oibríochta eile. Sa ghnáthchúrsa, is é an leibhéal caiteachais a thabhaítear a thiomáineann aitheantas ioncaim sa réimse Deontais Taighde agus Conarthaí eile. An toradh atá air sin go mb'fhéidir nár aithníodh loncam de réir an bhoinn fabhruithe agus gur dóigh go bhfuil an caiteachas iomlán a thugtar thuas ró-íseal agus dá bhrí sin an glantoradh ar Dheontais Taighde agus Conarthaí Eile ró-ard. An tionchar atá aige sin ná go bhfuil neamhchinnteacht freisin maidir leis na méideanna ioncaim a iarchuireadh go 2014/2015 agus freisin na méideanna a fabhraíodh sa tréimhse chéanna.

11. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

	Costais Foirne 2014 €000	Speansais Oibríochta Ghinearálta 2014 €000	lomlán 2014 €000	2013 €000
Ranna Acadúla	6,877	541	7,418	7,308
Seirbhísí Acadúla agus Lárnacha eile	477	272	749	592
Áitribh	645	1,496	2,141	1,759
Riarachán Láir	1,122	930	2,052	1,821
Caiteachas Ginearálta Oideachais	-	32	32	7
Áiseanna agus Fóntais Mac Léinn	-	341	341	342
Caiteachas Taighde	175	409	584	351
	9,296	4,021	13,317	12,180
Dímheas			665	728
Pinsin			4,188	4,389
			18,170	17,297

Déantar Caiteachas Oibríochta eile de ghnáth a aithint agus a chlárú chuig rangú caiteachais sonrath. De bharr na bhfadhbanna a bhí le leabhair agus taifid an Choláiste sa tréimhse atá i gceist, d'fhéadfadh go raibh gné de Chaiteachas Oibríochta Eile nár rabhtas cinnte maidir lena bunús nár cláraíodh san aicmiú ceart de Chaiteachais Oibríochta Eile.

12. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Talamh & Foirgnimh €000	Fearas & Trealamh €000	Daingneáin & Feistis €000	Ríomhaire Trealamh €000	lomlán €000
Costais					
Iarmhéid ag tús na bliana	29,751	137	151	649	30,688
Suimeanna Breise	-	19	24	47	90
Diúscairtí	-	(12)	-	(3)	(15)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	29,751	144	175	693	30,763
Dímheas					
Iarmhéid ag tús na bliana	15,763	114	138	598	16,613
Athrú don bhliain	595	7	16	47	665
Diúscairtí	-	(12)	-	(2)	(14)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	16,358	109	154	643	17,264
Glanluach Leabhair amhail an 30/09/2014	13,393	35	21	50	13,499
Glanluach Leabhair amhail an 30/09/2013	13,988	23	13	51	14,075

Tá bailiúchán leabhar, lámhscríbhinní agus saothair ealaíne i seilbh an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha a fuarthas le cur sa phríomhleabharlann agus freisin do bhailiúchán ar a dtugtar Leabharlann Náisiúnta Amharcealaíon na hÉireann (NIVAL). Níor caitheadh leis na míreanna sin sna Ráitis Airgeadais mar shócmhainní seasta mar nach féidir aon luach tairbhiúil a leagan orthu de bharr a laghad eolais atá ann faoin mbunchostas ceannaigh agus de bharr nach féidir luach reatha a chur na sócmhainní seo go réidh.

Sócmhainní Oidhreachta:- Tá sócmhainní oidhreachta mar leabhair, péintéireachtaí oidhreachta agus saothair ealaíne á gcoinneáil agus á gcothabháil ag an gColáiste. Ní dhéantar sócmhainní seasta a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 a chaipitliú sna ráitis airgeadais mar gur measadh nach bhféadfaí aon luach réasúnach a leagan orthu de bharr a laghad eolais atá ann faoina mbunchostas ceannaigh agus de

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

bharr nach féidir luach reatha a chur na sócmhainní seo go réidh. Déantar gach costas a tabhaíodh maidir le caomhnú agus coimeád a íoc mar a thabhaítear iad.

Maidir le breisithe sócmhainní Oidhreachta a fuarthas i ndiaidh 1 Deireadh Fómhair 2015, déanann an Coláiste caipitliú orthu sin de réir costas (i gcás cinn a cheannaíonn an Coláiste) nó de réir a luach cóir (i gcás bronnantas).

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 – AR LEAN

Déantar sócmhainní oidhreacht a thugtar mar bhronntanais a chaipitliú ag tagairt dá luach árachais ó tharla leis sin go meastar a luach cóir. Ní dhéantar sócmhainní oidhreacht de luach nach lú ná €5,000 a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

13. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ	2014 €000	2013 €000
Féichiúnaí Párolla	8	10
Féichiúnaí Mic Léinn	-	77
Féichiúnaithe Trádála	-	2
Ioncam Fabhraithe	191	746
Dearlaic Fabhraithe*	228	-
Réamhíocaíochtaí	113	196
	<u>540</u>	<u>1,031</u>

*Cuireadh in iúl don Choláiste le linn na bliana 13/14, go raibh ábhar le tiomnú do Leabharlann Náisiúnta Amharcealaíon na hÉireann (NIVAL) a raibh a luach ag brath ar shócmhainn laistigh d'eastát an té a bhí éagtha a dhíol. Níor tháinig luach an tiomnaithe (€228,131) chun cinn go dtí mí Lúnasa 2015.

14. CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE	2014 €000	2013 €000
Táillí	1,622	1,521
Iarmhéid na nDeontas Taighde agus Conarthaí Eile	242	417
ÍMAT	103	118
ÁSPC*	115	123
Tobhach Pinsin	38	42
Creidiúnaithe Trádála	133	320
Oideachas Leanúnach in Ealaíon agus Dearadh	139	95
Dearlaicí a Fuarthas Roimh Ré*	228	-
Creidiúnaithe Párolla	44	35
Creidiúnaithe Eile	41	-
Speansais Fabhraithe Párolla	-	4
Speansais Fhabhraithe	489	260
Creidiúnaithe Ioncaim Eile	3	-
	<u>3,197</u>	<u>2,935</u>

15. CUNTAS CAIPITIL	2014 €000	2013 €000
Iarmhéid amhail Thús na Bliana	14,075	14,739
Deontais arna n-úsáid chun Foirgnimh a Fháil agus a Fhorbairt	-	20
Deontais chun Sócmhainní Seasta a Cheannach	89	48
Sócmhainní Seasta a Dhiúscairt	-	(4)
	<u>14,164</u>	<u>14,803</u>
Lúide Amúchadh	(665)	(728)
	<u>13,499</u>	<u>14,075</u>

16. COSTAIS PHINSIN

Cur síos ginearálta ar an Scéim

Ceadaíodh Scéim Aoisliúntais Foirne agus Scéim Pinsin Leanaí agus Céile faoi Alt 20 den Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha 1971 in Eanáir 1984 agus Meán Fómhair 1987 faoi seach. Is scéimeanna neamhmhaoinithe iad scéimeanna pinsin an Choláiste.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 – AR LEAN

Déanann an fhoireann ranníocaíocht ag ráta 5% sa Scéim Aoisliúntais Foirne agus 1.5% sa Scéim Pinsin Leanai agus Céile. Cuirtear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) ar fáil faoin scéime chomh maith le cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéile agus leanai.

65 bliain an ghnáthaois scoir agus tá comhaltaí a thosaigh roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan asbhaint achtúireach ó aois a 60 bliain. De ghnáth méadaíonn pinsin atá le íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Is í Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Forálann an tAcht do phinsean agus do chnapshuim ar dul ar scor bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin le linn do ghairme chomh maith le pinsin céile agus leanai. 66 bliain an t-íos-aois pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Áirítear ann leis luathscoir ó aois 55 de réir laghdú achtúireach. Tagann ardú ar phinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Tá an luacháil a úsáidtear do nochtadh FRS 17 (athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach amhail an 30 Meán Fómhair 2014 arna dhéanamh ag achtúire cáilithe agus inar glacadh san áireamh ceanglais an FRS d'fhonn dhliteanas na scéime a mheas amhail an 30 Meán Fómhair 2014.

Áirítear comhaltaí na scéime aonair sa dliteanas pinsean amhail an 30 Meán Fómhair 2014 ach níor glacadh san áireamh sna ríomhaireachtaí achtúireacha na teidlíochtaí éagsúla a bhaineann leis an scéim sin. Ní tionchar ábhartha an tionchar a imríodh ar an bhfigiúr sin sna ráitis airgeadais.

	2014	2013
	€000	€000
(A) Anailís ar Chostais Phinsin Iomlána Breactha chun dochair Caiteachas		
Costas Reatha Seirbhíse	2,289	2,628
Ús ar Dhliteanas Scéime	2,299	2,224
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe	(400)	(463)
	<u>4,188</u>	<u>4,389</u>
(b) Anailís ar Ghluaiseacht i nDlitéanas Scéime le linn na Bliana		
Dlitéanas Scéime ag Tús na Bliana	65,689	69,496
Costas Seirbhíse Reatha	2,289	2,628
Ús ar Dhliteanas Scéime	2,299	2,224
Sochair a hÍocadh sa Bhliain	(1,978)	(2,208)
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach*	6,603	(6,451)
Dlitéanas Scéime ag Deireadh na Bliana	<u>74,902</u>	<u>65,689</u>

*Is mar thoradh ar ghluaiseachtaí sna rátaí díolúine a úsáideadh na dátaí éagsúla FRS 17 a tharla gluaiseacht mhór sna figiúirí Caillteanas/(Gnóthachan) achtúirigh a léirítear thuas.

(c) Maoiniú larchurtha do Phinsin

Aithníonn an Coláiste Ealaíne is Deartha na méideanna sin mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin atá bunaithe ar bhonn tuisceana a ndéantar cuir síos air sa nóta seo chomh maith le roinnt imeachtaí san am a caitheadh. Áirítear ar an himeachtaí sin an bonn reachtúil do bhunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NCAD nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de shuímeanna den chineál sin a chomhlíonadh de réir mar atá faoi láthair.

Is mar seo a leanas a bhí an Glan-Mhaoiniú larchurtha do Phinsin a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2014	2013
	€000	€000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais na bliana reatha	4,588	4,852
Deontais ón Udarás um Ard-Oideachas curtha i bhfeidhm chun sochair pinsean a íoc	(1,978)	(2,209)
Glan-Mhaoiniú larchurtha do Phinsin sa Bhliain	<u>2,610</u>	<u>2,643</u>

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 – AR LEAN

B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha i leith pinsean amhail an 30 Meán Fómhair 2014 is (€74,901,700) (2013: €65,688,600).

(d) Stair na nOibleagáidí Sochair larchurtha

	2014	2013	2012	2011	2010
	€000	€000	€000	€000	€000
Oibleagáidí Sochair larchurtha	74,902	65,689	69,496	50,800	58,300
(Gnóthachain) nó Caillteanais ó thaithí ar Mhéid Dlíteanas na Scéime	6,603	(6,451)	16,327	(10,317)	(4,520)
Céatadán de Dhlíteanais Scéime	8.8%	(9.8%)	23.5%	(20.3%)	7.8%)

(e) Mar seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana:

	2014	2013
Bonn Tuisceana		
Ráta Lascaine	2.4%	3.5%
Bonn tuisceana i leith ardú tuarastail	2.8%	3%
Bonn tuisceana i leith ardú pinsin	2.8%	3%
Boilsciú Praghsanna	1.8%	2%

Meán-ionchas saoil amach anseo de réir táblaí mortlaíochta (PNML00 agus PNFL00) a úsáideadh chun dlíteanais pinsean a chinneadh:

	2014	2013
Fir in aois 65	20.6	21.9
Mná in aois 65	23.2	23.6

17. TIOMANTAIS CHAIPITIL

B'ionann tiomantais chaipitil amhail an 30 Meán Fómhair is €Nil(2013€NIL).

18. TIOMANTAIS LÉASA

Tá áitribh ag an gColáiste ar léas oibriúcháin ar Shráid Eoin Thiar, Baile Átha Cliath 8. Tréimhse 10 mbliana atá sa léas ó Mhárta 2006. Is €134,112 an cíós sa bhliain agus tugtar faoi athbhreithniú cíosa gach 5 bliana. Aithníonn an Coláiste, ag brath ar dheireadh a theacht leis a léas thuas, go bhféadfadh dlíteanas a bheith i gceist i ndáil le trochlú na maoine ina bhfuil fabhrú de luach €196k curtha ar fáil in aghaidh na gcostas seo sa tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais seo.

Tá léasanna oibriúcháin i gceist freisin i leith fótachóipeálaithe/scanóirí agus cábán inaistrithe.

Ní raibh aon tiomantais léasa airgeadais i gceist amhail an 30 Meán Fómhair 2014.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014**

Ag deireadh na bliana bhí tiomantais ar NCAD i gcás léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe ag dul in éag mar seo a leanas:

	2014 €000	2013 €000
Laistigh den 1 bhliain	154	152
Idir 1 Bhliain agus 5 Bliana	288	402
Tar éis 5 bliana	-	-

19. ANAILÍS AR ATHRUITHE I nGLANCHISTÍ LE LINN NA BLIANA

	Amhail an An 1 Deireadh Fómhair 2013 €000	Sreabhadh Airgid €000	Amhail an An 30 Meán Fómhair 2014 €000
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	1,892	(335)	1,557
Éarlaisí Gearrthéarmacha	428	597	1,025
	<u>2,320</u>	<u>262</u>	<u>2,582</u>

20. FOSTAITHE

Bhí 82 ball foirne coibhéis lánaimseartha a íoctar in aghaidh na míosa fostaithe le linn 2014 chomh maithe le 26 ball foirne coibhéis lánaimseartha a íoctar sa tseachtain agus 23 ball foirne páirtaimseartha coibhéis lánaimseartha.

21. PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ní raibh aon leas ag aon bhall den Bhord in aon chonradh nó dámhachtain a bhronn an Coláiste le linn na bliana ná níor dhíorthaigh aon leas ná sochar as aon chonradh ná dámhachtain a bronnadh ná ní raibh aon choimhlint leasa i gceist maidir le haon chuid d'oibríochtaí an Choláiste le linn na bliana.

Ní raibh aon idirbheartaíochtaí ann le páirtithe gaolmhara sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014.

Níor íocadh aon táillí le haon chomhalta den Bhord le linn 2013/14.

Íocadh luach saothair €136,276 ar an iomlán le stiúrthóir an Choláiste sa tréimhse atá i gceist.

Ba €435 an caiteachas iomlán ar speansais ag an mBord sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014. Baineann sé seo den chuid is mó le caiteachas ar thaisteal traenach i gcás duine de chomhaltaí an Bhoird a bhí lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Bunaíodh Friends of NCAD Ltd i 1992, mar fheithicil tiomsaithe airgid do NCAD. Tá beirt bhall foirne ó NCAD ar an Bhord FNCAD (Iar-Stiúrthóir NCAD agus Rúnaí agus Cláraitheoir an Choláiste). Déantar FNCAD a iniúchadh go neamhspleách ar NCAD agus déantar a ráitis airgeadais a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar Bhonn Bliantúil. Ní raibh aon ioncam ná caiteachas i ráitis airgeadais FNCAD don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014.

Cláraíodh eintiteas ar leithligh sna Stáit Aontaithe in 2000 ar a dtugtar US Friends of NCAD Inc. Bunaíodh an t-eintiteas seo chun cáin a bheadh iníoctha ar thabhartais ón SA a laghdú nó a dhíothú. Ní raibh aon ioncam ná caiteachas i gcuntais US Friends of NCAD don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014.

22. GNÓTHAS LEANTACH

Tá sraith barrachais agus easnamh tabhaithe ag an gcoláiste idir 2011 agus 2016. Is mar thoradh ar easnamh carnach a tugadh ar aghaidh ar feadh roinnt blianta é seo.

Na príomhfhachtóirí is cúis le staid airgeadais an Choláiste is ea an laghdú ar Mhaoiniú Stáit do ghníomhaíochtaí athfhillteacha agus an maoiniú leanúnach a dhéanann an Coláiste ar Dhliteanas Pinsin na Foirme.

Tá an Coláiste i mbun plé leanúnach leis an Údarás um Ard-Oideachas maidir le staid airgeadais an Choláiste. Tá pleananna á bhforbairt ar bhonn práinne chun gur féidir leis an gColáiste cóimheá airgid a bhaint amach.

Ar an mbonn sin agus in éineacht le cúlchistí airgid atá á gcoinneáil ag an gColáiste, measann comhaltaí an Bhoird é a bheith oiriúnach na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn Gnóthas Leantach.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2014 – AR LEAN

23. IMEACHTAÍ I nDIAIDH AN CLÁR A CHOMHARDÚ

Seachas na himeachtaí a nochtáítear sna ráitis airgeadais seo agus dá mbarr nach mór na ráitis airgeadais a choigeartú, níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh an clár a chomhardú.

24. NA RÁITIS AIRGEADAIS A CHEADÚ

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014 ag cruinniú dá chuid an 7 Iúil, 2017.